# TUAIRISC AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2004

**OLLSCOIL LUIMNIGH**

**TUAIRISC AN LEAS-UACHTARÁIN RIARACHÁIN AGUS AN RÚNAÍ**

## 1 RÉAMHFHOCAL

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais don bhliain atá faoi athbhreithniú ag teacht leis an bhformáid chomhchuíbhthe a forbraíodh i bpáirt ag na hollscoileanna, An tÚdarás um Ard-Oideachas agus an tArd Reachtaire Ciste agus Cuntais i 1997. Tá formáid nua comhchuíbhthe cóir a bheith críochnaithe faoi láthair. Cuimseoidh an fhormáid nua seo comhdhlúthú ar an ngníomhaíocht uile Ollscoile agus ullmhófar é ag teacht leis na prionsabail chuntasóireachta a nglactar leo go coitianta (PCC).

## 2 CUNTAS REATHA

**IONCAM:** Bhí ioncam an chuntais reatha ar €76.53 milliún don bhliain i gcomparáid le €73.42 milliún sa bhliain roimhe sin, rud is ionann agus fás de €3.11 milliún nó 4.2%. Gintear an t-ioncam seo ó thrí phríomhfhoinse – deontas stáit, táillí mac léinn agus ioncam eile. Bhí an méadú ar an deontas Stáit (ar a raibh €37.78 milliún) teoranta do €0.39 milliún díreach – ardú nárbh fhiú ach 1% é de bhreis ar an mbliain roimhe. Maidir le táillí na mac léinn, bhí €35.74 milliún ann don bhliain, méadú de €2.60 milliún nó 7.9% ar an mbliain roimhe sin. Bhí teacht isteach ó fhoinsí éagsúla eile ar €3.01 milliún – ardú de €0.12 milliún nó 4.1%.

**CAITEACHAS:** Ag eascairt as arduithe suntasacha náisiúnta pá, boilsciú ginearálta neamh-phá agus raon de fhorbairtí nua acadúla, thit mórchostais bhreise ar an Ollscoil i gcaitheamh na bliana. Mhéadaigh na costais de dheasca Marcáil Bhinse Pá, Buanú an Dul Chun Cinn, na Dámhachtana Náisiúnta Pá, tionchar an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Socruithe) 2003 agus boilsciú ginearálta de 9%. Mhéadaigh na nuafhorbairtí acadúla i Staidéir Altrachta, Fisiteiripe, Teiripe Labhairt agus Teanga, Teiripe Ceirde, Clár um Scileanna Innealtóireachta agus cláir iarchéime na costais ar an gcuntas reatha 4% eile fós. Ainneoin na harduithe suntasacha dosheachanta de 13% agus an fás ar ioncam a bheith teoranta do 4.2% d’éirigh leis an Ollscoil cothromaíocht fhíorúil a bhaint amach ina cuntas reatha don bhliain. Deineadh seo trí fheidhmiúchán gearrtha siar faoi raon de cheannteidil chostais ar chaiteachas Ollscoile agus ar an mbealach sin an caiteachas a theorannú ar €76.54 milliún i gcomparáid le €73.33 milliún sa bhliain roimhe sin – rud ab ionann agus méadú de 4.4%. Mura mbeadh gur tugadh aghaidh ar na gearrtha siar seo de 9.6% a forfheidhmeadh i gcaitheamh na bliana bheadh a dtionchar ina bhagairt mhór ar acmhainn na hOllscoile ardchaighdeán na gclár acadúla a chothú agus ar a hinbhuaine airgeadais.

## 3 IONCAM TAIGHDE

Mhéadaigh an t-ioncam taighde ó €13.68 milliún go dtí €17.91 milliún i gcaitheamh na bliana – toradh fíorshásúil. Léiriú is ea an t-ardú seo de bhreis is 30% ar iarrachtaí líon mór den fhoireann acadúil a sheas an fód do raon de thionscnaimh thaighde agus ar éirigh leo breis ioncaim thaighde a ghiniúint ó raon de fhoinsí stáit agus neamh-stáit. Bhí rath ar leith ar idirghníomhaíocht na hOllscoile le Fondúireacht Eolaíochta na hÉireann (FEÉ). I gcaitheamh na bliana, trí ghéarphróiseas iomaíochta bhain an Ollscoil mórán buanna móra i mbuachan leithdháilte cistíochta FEÉ.

## 4 CLÁR CAIPITIL

Shroich caiteachas caipitil na hOllscoile €23.5 i rith na bliana. Fo-thacar infheistíochta de chlár forbartha 2002-2008 atá a fheidhmiú sa champas faoi láthair. Ar na tograí ba thábhachtaí leis an Ollscoil a cuireadh chun cinn sa chlár forbartha seo bhí an Foirgneamh um Eolaíocht Sláinte, Foirgneamh um Thaighde Innealtóireachta, Coimpléasc Chúirtealáiste Srutha an Mhuilinn, Gráig Thuamhumhan agus Droichead na hOllscoile.

## 4 CLÁR CAIPITIL (Ar Lean)

I gcaitheamh na bliana críochnaíodh Droichead na hOllscoile, an chéad droichead do fheiclí a tógadh thar abhainn na Sionainne, idir Luimneach agus an Clár, le trí chéad bhiain geall leis. Slánaíonn an droichead seo an Campas nuashealbhaithe ar an mBruach Thuaidh i gCo. An Chláir, fan bhruach na láimhe deise de Abhainn na Sionainne leis an seanchampas ar an mBruach Theas ar an taobh chlé agus déanann pointe aontachta fócais de Abhainn Mhaorga na Sionainne seachas í a bheith ina teorainn críche mar a bhí go dtí seo. Tugadh an droichead trasnaithe 150 méadar seo i gcrích thar cheithre réise le hurláir ar leith do fheithiclí, do choisithe agus do rothair. Ar chostas €13 milliún, tá an nasc riachtanach infrastruchtúrtha ina éascaíocht ar raon de fhoirgnimh agus de áiseanna nua, leithéidí an Fhoirgnimh um Eolaíocht Sláinte, coimpléasc cóiríochta na mac léinn agus an Ghráig pleanáilte do Thaibhealaíona Cruinne Éireann.

Tá feidhmiúchán rathúil chlár forbartha fisiciúil na hOllscoile a chumasú ag cistíocht shuntasach phríobháideach atá a sholáthar don Ollscoil ag foinsí príobháideacha i bpáirtnéireacht le cistíocht stáit. Tá an Ollscoil faoi chomaoin ar leith maidir leis seo ag an tacaíocht cistíochta a thugann deontóirí flaithiúla trína Fondúireacht.

## 5 CONCLÚID

Cé go bhfuil cuma sásúil ar Ráiteas na gCuntas don bhliain ó thaobh an airgeadais de tá ábhar imní ann i dtéarmaí feidhmiúcháin agus pleanála straitéisí. Tá dul chun cinn leanúnach na hOllscoile agus baint amach na spriocanna ina Plean Straitéiseach gan a bheith indéanta gan athruithe ar leibhéil reatha a cuid cistíochta. Tá na deacrachtaí a d’éirigh le linn na bliana atá faoi bhreithniú á ndéanamh níos measa fós ag cinneadh an Rialtais an croídheontas stáit a theorannú i 2005 ag 2.9% ainneoin arduithe dosheachanta pá atá ag méadú faoi 7.9%. Dob é an cleachtas riamh ag an Stát é agus leibhéal an chroídheontais á chinneadh ó bhliain go bliain ceann a thógáil de dhámhachtana náisiúnta pá. I 2004 agus 2005 tréigeadh an cleachtas seo. Cúiseoidh an gearradh siar ar an gcistíocht reatha i 2005 laghdú suntasach ar chaiteachas sa bhliain atá romhainn.

Ainneoin timpeallacht deacair airgeadais a bheith ann tugadh plean straitéiseach forbartha na hOllscoile chun cinn i gcaitheamh na bliana. Ní éireodh linn na nithe sin a bhaint amach in éagmais tiomantachta agus tacaíochta phearsanra na hOllscoile, dámha agus a bhfoirne tacaíochta araon, agus ba chóir a ndearna siad a aithint agus a mholadh.

**John O’Connor**
**Leas-Uachtarán Riaracháin agus Rúnaí**
**21 Feabhra 2005**

### Ráiteas faoi Fhreagrachtaí

Tá iallach ar an Ollscoil faoin gcomhaontú ar ghlac Ollscoileanna uile na hÉireann um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais leis na ceartchuntais gnáthacha ar fháltas agus ar chaiteachas airgid, ar chibé bealach ina n-éilíonn an Comhaontú.

Agus na cuntais seo á n-ullmhú aige, ní mór don Ollscoil;

- Polasaithe oiriúnacha atá ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais a roghnú agus a fheidhmiú go rianúil;
- Cinnte agus meastacháin atá réasúnta agus ciallmhar a dhéanamh;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn leantach mura bhfuil an bonn sin míchuí;

Tá an Ollscoil freagrach as leabhair chearta cuntais a choimeád a léireoidh am ar bith stáid airgeadais na hOllscoile agus a aclaíonn é le deimhin a dhéanamh de go n-ullmhaítear a chuid ráiteas airgeadais ag teacht leis an gcomhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais. Tá an Ollscoil freagrach chomh maith as cosaint na sóchmhainní uile faoina rialú agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus ainrialtacht eile a chosc nó a bhaint amach.

Ullmhófar tacar ar leith ráiteas airgeadais le géilleadh do agus le teacht leis na gnáthphrionsabail cuntasóireachta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus sa R.A ar a shon gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo don Údarás um Ard-Oideachas ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais.

D'ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht le téarmaí an ráitis freagrachta thuas agus dhein PricewaterhouseCoopers, iniúchóirí bainistíochta na hOllscoile iniúchadh orthu.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste is iniúchóir reachtúil don Ollscoil.

Thar ceann na hOllscoile

| | |
|---|---|
| Uachtarán | Leas-Uachtarán, Riaracháin agus Rúnaí |

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

### 1. Ráitis Airgeadais

Léiríonn na ráitis airgeadais gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí seirbhíse gaolmhara na hOllscoile.

### 2. An Coinbhinsiún Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil, arna mionathrú chun athluacháil talún agus foirgneamh a chur san áireamh. Cuirtear i láthair iad de réir Armónú reatha Chomhaontú Cuntas Airgeadais a ghlacann Ollscoileanna na hÉireann ar fad. Tá athbhreithniú beagnach críochnaithe ar an gComhaontú Armónaithe ag na hollscoileanna i gcomhairle leis an Údarás um Ardoideachas agus leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus beidh leagan amach armónaithe nua comhaontaithe mar thoradh air. Ullmhófar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2004 agus do bhlianta ina dhiaidh sin i bhformáid nua ar bhunús comhdhlúite agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.

### 3. Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe

Aithnítear Deontais Atarlaithe ar bhonn fabhraithe.
Áirítear Deontais Atarlaithe sa Chúlchiste Ginearálta, a úsáideadh chun sócmhainní dochta a cheannach agus chun cuid chaipitil de na muirir léasa a mhaoiniú.

### 4. Deontais do Chaiteachas Caipitil

Áirítear Deontais Stáit agus Eile do chaiteachas caipitil sna ráitis airgeadais den tréimhse ag brath ar an méid airgid tirim a fuarthas.

### 5. Ioncam ó Tháillí

Déantar ioncam ó tháillí a chuntasú ar bhonn fabhraithe agus tuairiscítear ag leibhéil táillí an AE. Áirítear ioncam ó tháillí Neamh-AE suas go dtí leibhéal an AE agus tuairiscítear aon ní breise (suas go dtí an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí) faoi Ioncam Eile. Áirítear aon ní breise eile os cionn an Costas Aonaid gaolmhar is déanaí sna Cúlchuistí Srianta.

### 6. Ioncam Eile

Áirítear in Ioncam Eile muirear a thabhaítear ar thionscadail caipitil ar leith i ndáil leis an ioncam ó ús a fuair an Ollscoil cheana féin trí na tionscadail sin a mhaoiniú óna cistí féin. Toibhítear an muirear bunaithe ar an meán ráta úis a shaothraíonn an Ollscoil ar na taiscí agus bíonn sé mar chuid de chostas foriomlán an tionscadail chuí.

### 7. Leithroinntí Ceadaithe

Ullmhaítear an cuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn fabhraithe leis na heisceachtaí seo a leanas:

i) Caiteachas neamhphá ranna acadúla agus ranna seirbhísí ar leith.
ii) Trealamh Ranna agus Mion-oibreacha.

Sna cásanna sin tugtar iarmhéideanna inmheánacha chun cinn sa Chlár Chomhardaithe faoi Shócmhainní Reatha nó Dliteanais, mar is cuí.

**8. Sócmhainní Dochta agus Dímheas**

Luacháladh talamh ar an úsáid reatha a baineadh as amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag luach €126,974 in aghaidh an acra. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas. Luacháiltear Foirgnimh, a fuarthas agus a tógadh roimh 1 Deireadh Fómhair 1998, ar bhunús úsáid reatha ag costas caighdeánach de €2,413 in aghaidh gach slat cearnach. Luacháiltear foirgnimh, a raibh cuid acu tógtha amhail an 1 Deireadh Fómhair 1998 ag an gcostas iarbhír. Luaitear na breiseanna ar fad eile ina dhiaidh ag costas. Dímheastar gach foirgneamh mar atá luaite thíos. Léirítear Trealamh, Daingneáin agus Fearais ag costas lúide carnú dímheasa.
Tá saol úsáideach measta sócmhainní dochta le tagairt don dímheas a ríomhtar faoin modh dronlíneach mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain |
| Trealamh agus Troscán | 10 mbliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Sócmhainní ar Léas | 20 bliain nó tréimhse an léasa má bhíonn sin níos lú |

Áirítear leis na méideanna athluacháilte foirgnimh ar leith, a mhaoinigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an chéad uair.

**9. Caiteachas Caipitil a fhaightear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc**

Muirearítear Caiteachas Caipitil, a mhaoinítear ón bPríomhbhuiséad Teagaisc, in aghaidh ioncaim sa bhliain a tabhaíodh an caiteachas. Cuirtear an caiteachas chun sochair an Chúlchiste Ghinearálta freisin, a léirítear mar chuid de Shócmhainní Dochta agus dímheastar é de réir an Bheartais Chuntasaíochta atá léirithe thuas.

**10. Sócmhainní ar Léas**

Áirítear costas Sócmhainní Dochta a fuarthas faoi léasanna airgeadais i Sócmhainní Dochta agus díscríobhtar thar saol úsáideach na sócmhainní ag na rátaí atá leagtha amach sa bheartas thuas, nó thar thréimhse an léasa, cibé is lú.

**11. Cúlchiste Ginearálta**

Seasann an Cúlchiste Ginearálta do luach maoinithe, tar éis amúchta, a fheidhmítear do chríocha caipitil in éineacht leis an gcúlchiste a ghintear ar athluacháil foirgnimh agus an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha.

**12. Deontais agus Tionscadail Taighde**

Léirítear caiteachas taighde conartha glan ó ranníoc do chostais indíreacha. Áirítear ioncam ó dheontais taighde conartha sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais go dtí an méid a thabhaítear an caiteachas gaolmhar. Áirítear ranníoc taighde conartha do chostais indíreacha na hOllscoile agus áirítear iad in Ioncam Eile.

**13. Stoic**

Luaitear stoic ag a gcostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú.

**14. Pinsin**

Bronnann Institiúid Náisiúnta Ardoideachais, Scéim Aoisliúntais Luimnigh 1982 agus Scéim Pinsin Leanaí 1986 sochair aoisliúntais a cheadaítear faoi Achtanna Ollscoil Luimnigh, 1980 agus 1989. Bíonn na scéimeanna, a sholáthraíonn sochair shainmhínithe, neamhmhaoinithe agus faightear sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Dá réir sin, ní sholáthraíonn na ráitis airgeadais do dhliteanais na hOllscoile i ndáil le ranníoca a dhéanann comhaltaí na scéime nó do dhliteanas aoisliúntais achtúireach do chomhaltaí na scéime. Níor glacadh le ceanglais nochtaithe an chaighdeáin chuntasaíochta FRS17 'Sochair Scoir', a eisíodh le déanaí, sna ráitis airgeadais sin a chuirtear i láthair de réir na formáide 'Armónú Cuntas' arna nglacadh ag gach Ollscoil Éireannach. Baineann ciallachais ag FRS 17 don Earnáil Phoiblí go ginearálta, ciallachais atáthar ag déanamh machnamh orthu faoi láthair. Tabharfar aghaidh ar chiallachais FRS 17 i ndáil le gach Ollscoil Éireannach san athbhreithniú a dhéanfar go gairid ar an bhformáid 'Armónú Cuntas'.

**15. Airgeadra Coigríche**

Déantar idirbhearta in airgeadraí coigríche a aistriú ag na rátaí malartaithe ar na dátaí sin a tharla na hidirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadraí coigríche go Euro ag an ráta malartaithe a bhíonn i bhfeidhm amhail an dáta ar an gClár Comhardaithe. Déileáiltear leis na brábúis nó caillteanais a bhíonn mar thoradh orthu ain laistigh den Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

**16. Cánachas**

Níl aon fhoráil déanta do chánachas mar go bhfuil stádas díolúinte cánach ag an Ollscoil.

**17. Seirbhísí Coimhdeacha**

Is éard is Seirbhísí Coimhdeacha ann ná seirbhísí a sholáthraítear ar an gcampus, ar bhonn aisghabháil costais agus a bhíonn leagtha amach le cothromú amach sa mheánthéarma. Aistrítear an glan aschur ar ghníomhaíochtaí mar sin chuig an gCúlchiste Ginearálta.

**18. Cúlchistí Srianta**

Áirítear le Cúlchistí Srianta an chuid neamhúsáidte de chistí a chuirtear ar fáil don Ollscoil do chríocha sainmhínithe.

**19. Coláiste Mhuire Gan Smál**

De réir an meabhrán tuisceana idir an Ollscoil agus Coláiste Mhuire Gan Smál, a leagann amach téarmaí an naisc idir an dá institiúid, aistrítear cistí a fhaigheann an Ollscoil thar ceann Coláiste Mhuire Gan Smál láithreach tar éis iad a fháil.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS REATHA DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR

| **IONCAM** | **NÓTAÍ** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| Deontais Stáit | 1 | 37,784 | 37,395 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 35,736 | 33,133 |
| Ioncam Eile | 3 | 3,012 | 2,893 |
| | | 76,532 | 73,421 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Cláir Féin-Mhaoinithe eile | 4 | 26,290 | 21,022 |
| | | 102,822 | 94,443 |
| Coláiste Mhuire Gan Smál | | | |
| Deontais Stáit | | 9,109 | 8,015 |
| Táillí Mac Léinn | | 5,646 | 4,968 |
| Lúide an méid a aistríodh chuig Coláiste | | (14,755) | (12,983) |
| **Iomlán** | | **102,822** | **94,443** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Coláistí agus Ranna | 5 | 43,267 | 41,583 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6 | 8,787 | 8,225 |
| Áitreabh | 7 | 9,243 | 9,164 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 8 | 2,133 | 1,831 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 9 | 6,697 | 6,394 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 1,561 | 1,315 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 11 | 2,287 | 2,066 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 2,562 | 2,749 |
| | | 76,537 | 73,326 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Cláir Féin-Mhaoinithe eile | 4 | 26,290 | 21,022 |
| **Iomlán** | 13 | **102,827** | **94,349** |
| **(Easnamh)/Barrachas ar ghníomhaíochtaí roimh amúchadh ar Chúlchistí Caipitil agus Deontais, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas ar Shócmhainní Dochta** | | **(5)** | **95** |
| Barrachas/(Easnamh)ar Sheirbhísí Coimhdeacha | 14 | **251** | **(51)** |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 15 | **(7,756)** | **(7,452)** |
| Gluaiseacht Cúlchiste Ginearálta | 16 | **7,505** | **7,503** |
| **(EASNAMH)/BARRACHAS GLAN don bhliain** | 24 | **(5)** | **95** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 34.

Uachtarán

Leas-Uachtarán, Riaracháin agus Rúnaí

**RÁITEAS GNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁN DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | 2004<br>€'000 | 2003<br>€'000 |
|---|---|---|
| (EASNAMH)/BARRACHAS don bhliain | (5) | 95 |
| **Iomlán gnóthachain agus caillteanais aitheanta a bhaineann leis an mbliain** | **(5)** | **95** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 34.

Uachtarán

Leas-Uachtarán, Riaracháin agus Rúnaí

**CLÁR COMHARDAITHE** | **BLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ DOCHTA INLÁIMHSITHE** | 17 | 259,918 | 244,041 |
| **INFHEISTÍOCHTAÍ** | 18 | 21,563 | 20,962 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Iarmhéideanna Bainc agus Airgead Tirim | | 16,276 | 17,368 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 19 | 6,982 | 4,871 |
| Stoic | | 39 | 54 |
| | | 23,297 | 22,293 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fábhraithe | 21 | (35,319) | (28,309) |
| **GLAN-DHLITEANAIS REATHA** | | (12,022) | (6,016) |
| **DLITEANAIS FAD-TÉARMACHA** | | | |
| Creidiúnaithe dlite tar éis bliain amháin | 27 | (267) | (65) |
| **SÓCMHAINNÍ IOMLÁN LÚIDE DLITEANAIS REATHA** | | **269,192** | **258,922** |
| **ARNA IONADÚ AG:** | | **€'000** | **€'000** |
| Cúlchiste Ginearálta | 22 | 245,824 | 234,460 |
| Cúlchistí Srianta | 23 | 22,776 | 23,865 |
| Cúlchiste ioncaim | 24 | 592 | 597 |
| | | **269,192** | **258,922** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 34.

Uachtarán

Leas-Uachtarán, Riaracháin agus Rúnaí

**RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID** **BLIAIN DAR CHRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR**

| | NÓTAÍ | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **25** | 2,987 | 1,723 |
| **AISCHUR Ó INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS** | | | |
| (Glan) Ús Faighte | | 685 | 792 |
| **CAITEACHAS CAIPITIL** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta Inláimhsithe a fháil | | (23,778) | (9,860) |
| Fáltais ó Dhíolachán Sócmhainní Dochta Inláimhsithe | | 5 | 6 |
| **GLAN (EIS-SREABHADH) AIRGID ROIMH AIRGEADÚ** | | (20,101) | (7,339) |
| **AIRGEADÚ** | | | |
| Deontais Chaipitil HEA | | 5,589 | 2,241 |
| Neamhfháltais Caipitil HEA | | 13,420 | 7,157 |
| **INSREABHADH AIRGID Ó AIRGEADÚ** | | 19,009 | 9,398 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID TAR ÉIS AIRGEADÚ** | | (1,092) | 2,059 |
| **MÉADÚ IN AIRGEAD TIRIM AGUS CÓIBHÉISEACHA** | **26** | (1,092) | 2,059 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 34.

Uachtarán

Leas-Uachtarán, Riaracháin agus Rúnaí

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**NÓTA 1**

**DEONTAIS STÁIT**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Deontas Atarlaithe | 34,897 | 35,002 |
| Sprioc-Mhaoiniú do Thionscnaimh Speisialta | 2,792 | 2,298 |
| Mion-oibreacha | 95 | 95 |
| **Iomlán** | **37,784** | **37,395** |

**NÓTA 2**

**TÁILLÍ MAC LÉINN**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Mac Léinn | 35,085 | 32,520 |
| Ioncam ó Tháillí Ilghnéitheach | 651 | 613 |
| **Iomlán** | **35,736** | **33,133** |

**Nóta 3**

**IONCAM EILE**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Ús Infhaighte (Glan) | 685 | 792 |
| Poist Maoinithe | 141 | 374 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Cláir Féin-Mhaoinithe eile Ranníoca | 661 | 613 |
| Táillí Neamh AE | 1,466 | 1,042 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 59 | 72 |
| **Iomlán** | **3,012** | **2,893** |

**NÓTA 4**

**CLÁIR THAIGHDE AR CHONRADH AGUS Cláir FÉIN-MHAOINITHE EILE**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 17,907 | 13,681 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe Eile | 8,383 | 7,341 |
| **Iomlán** | **26,290** | **21,022** |

**NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGID -/Ar lean**

| **NÓTA 5** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **COLÁISTÍ AGUS RANNA** | | | | |
| Acadúil | 30,491 | - | 30,491 | 28,740 |
| Teicniúil | 2,855 | - | 2,855 | 2,934 |
| Tacaíocht Riaracháin | 3,054 | - | 3,054 | 2,992 |
| Amhábhair agus Speansais | - | 6,787 | 6,787 | 6,876 |
| Ilghnéitheach | - | 80 | 80 | 41 |
| **Iomlán** | **36,400** | **6,867** | **43,267** | **41,583** |

| **NÓTA 6** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **SEIRBHÍSÍ ACADÚLA AGUS EILE** | | | | |
| Leabharlann | 1,904 | 1,807 | 3,711 | 3,533 |
| Teicneolaíocht an Eolais | 1,974 | 1,103 | 3,077 | 2,871 |
| Oideachas Comhoibritheach agus an Rannán Gairme | 928 | 1,071 | 1,999 | 1,821 |
| **Iomlán** | **4,806** | **3,981** | **8,787** | **8,225** |

| **NÓTA 7** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **ÁITREABH** | | | | |
| Cothú Áitribh | 1,292 | 2,834 | 4,126 | 4,033 |
| Seirbhísí Ginearálta | 69 | 2,893 | 2,962 | 2,951 |
| Mion-Oibreacha | - | 173 | 173 | 233 |
| Árachas | - | 561 | 561 | 502 |
| Costais Fhuinnimh | - | 1,421 | 1,421 | 1,444 |
| **Iomlán** | **1,361** | **7,882** | **9,243** | **9,164** |

| **NÓTA 8** | **Costais Pá** | **Neamhphá** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **MÉID LEITHROINNTE DO CHRÍOCHA CAIPITIL** | | | | |
| Tionscadail Chaipitil | - | 1,491 | 1,491 | 1,351 |
| Trealamh | - | 642 | 642 | 479 |
| **Iomlán** | **-** | **2,133** | **2,133** | **1,831** |

## NÓTA 9

## LÁR RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Foireann | 4,505 | - | 4,505 | 4,137 |
| Seirbhísí agus Amhábhair | - | 1,858 | 1,858 | 1,813 |
| Muirir Ghairmiúla | - | 12 | 12 | 19 |
| Ilghnéitheach | 56 | 266 | 322 | 426 |
| **Iomlán** | **4,561** | **2,136** | **6,697** | **6,394** |

## NÓTA 10

## CAITEACHAS GINEARÁLTA OIDEACHAIS

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Speansais Scrúdaithe | 222 | 301 | 523 | 494 |
| Scoláireachtaí/ Deontais/Tarscaoileadh | - | 359 | 359 | 226 |
| Costais Ilghnéitheacha | 123 | 556 | 679 | 595 |
| **Iomlán** | **345** | **1,216** | **1,561** | **1,315** |

## NÓTA 11

## SEIRBHÍSÍ MAC LÉINN

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontais Chaipitlíochta agus Eile | - | 705 | 705 | 681 |
| Spóirt agus Áinéas | 371 | 169 | 540 | 493 |
| Sláinte agus Comhairleoireacht | 518 | 40 | 558 | 489 |
| Seirbhísí Pearsanra Mac Léinn | 265 | 219 | 484 | 403 |
| **Iomlán** | **1,154** | **1,133** | **2,287** | **2,066** |

## NÓTA 12

## CAITEACHAS ILGHNÉITHEACH

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Pinsin | 2,562 | - | 2,562 | 2,749 |
| **Iomlán** | **2,562** | **-** | **2,562** | **2,749** |

## NÓTA 13

## COMHDHÉANAMH AN CHAITEACHAIS IOMLÁN

| | Costais Pá €'000 | Neamhphá €'000 | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Seirbhísí Acadúla agus Gaolmhara | 51,191 | 25,346 | 76,537 | 73,327 |
| Taighde ar Chonradh agus Eile | 9,393 | 16,897 | 26,290 | 21,022 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe | | | | |
| **Caiteachas Iomlán** | **60,584** | **42,243** | **102,827** | **94,349** |

| **NÓTA 14** | **Ioncam** | **Caiteachas** | **2004 Barrachas / (Easnamh)** | **2003 Barrachas / (Easnamh)** |
|---|---|---|---|---|
| **SEIRBHÍSÍ COIMHDEACHA** | **€'000** | **€'000** | **#REF!** | **€'000** |
| Seirbhísí Athghrafacha | 260 | (342) | (82) | 165 |
| An tIonad Náisiúnta Oiliúna agus Traenála | 1,788 | (1,439) | 349 | (205) |
| Ionad Gníomhaíochta Killaloe | 460 | (476) | (16) | (11) |
| **Gluaiseacht ar Sheirbhísí Coimhdeacha** | **2,508** | **(2,257)** | **251** | **(51)** |

| **NÓTA 15** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|
| **DÍMHEAS AR SHÓCMHAINNÍ DOCHTA** | **€'000** | **€'000** |
| Talamh agus Foirgnimh | 5,058 | 4,639 |
| Trealamh | 2,540 | 2,719 |
| Sócmhainní ar Léas | 158 | 94 |
| **Iomlán** | **7,756** | **7,452** |

| **NÓTA 16** | **2004** | **2003** |
|---|---|---|
| **GLUAISEACHT CÚLCHISTÍ GINEARÁLTA** | **€'000** | **€'000** |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas | 7,756 | 7,452 |
| Easnamh/(Barrachas) Seirbhísí Coimhdeacha chuig an gCuntas Cúlchiste Ginearálta | (251) | 51 |
| **Iomlán** | **7,505** | **7,503** |

**NÓTA 17**

| **Sócmhainní Dochta Inláimhsithe** | **Talamh & Foirgnimh €'000** | **Trealamh €'000** | **Sócmhainní ar léas €'000** | **2004 Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2003** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 66,388 | 28,875 | 1,333 | 96,596 |
| | **256,696** | **28,875** | **1,333** | **286,904** |
| **Breiseanna:** | | | | |
| Breiseanna | 20,721 | 2,614 | 443 | 23,778 |
| Diúscairtí | - | (4,823) | (295) | (5,118) |
| | 20,721 | (2,209) | 148 | 18,660 |
| **Costas/Luacháil amhail an 30 Meán Fómhair 2004** | | | | |
| Luacháil | 190,308 | - | - | 190,308 |
| Costas | 87,109 | 26,666 | 1,481 | 115,256 |
| **Iomlán** | **277,417** | **26,666** | **1,481** | **305,564** |
| **Dímheas** | | | | |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2003** | (21,187) | (20,467) | (1,209) | (42,863) |
| Diúscairtí | - | 4,678 | 295 | 4,973 |
| Dímheas don bhliain | (5,058) | (2,540) | (158) | (7,756) |
| **Amhail an 30 Meán Fómhair 2004** | **(26,245)** | **(18,329)** | **(1,072)** | **(45,646)** |
| **Glan Luach Leabhair 2003** | **235,509** | **8,408** | **124** | **244,041** |
| **Glan Luach Leabhair 2004** | **251,172** | **8,337** | **409** | **259,918** |

**NÓTA 18**

**INFHEISTÍOCHTAÍ**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| | 21,563 | 20,962 |
| **Iomlán** | **21,563** | **20,962** |

Go príomhúil, áirítear ar na méideanna seo cistí a chuirtear i dtaisce ar bhonn méantéarmach/fadtéarmach i ndáil le tionscadail chaipitil sainiúla. Luaitear na méideanna seo ag costas.

**NÓTA 19**

**FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh & Cláir Féin-mhaoinithe eile | (940) | (951) |
| Iarmhéideanna Féichiúnaithe | 1,600 | 1,871 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí eile | 6,322 | 3,951 |
| **Iomlán** | **6,982** | **4,871** |

**NÓTA 20**

**IONCAM CAIPITIL AGUS CAITEACHAS CHAIPITIL**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| **IONCAM** | | |
| Deontas ó HEA | 5,589 | 2,241 |
| Deontais ó Dheontóirí Príobháideacha | 6,928 | 2,750 |
| Ioncam Caipitil - Foinsí Eile | 4,359 | 2,576 |
| Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais Reatha | 2,133 | 1,831 |
| **Iomlán** | **19,009** | **9,398** |
| **CAITEACHAS** | | |
| Talamh/Foirgnimh | 20,721 | 7,339 |
| Trealamh | 2,614 | 2,367 |
| Luach Caipitil na n-Íocaíochtaí Léasa | 173 | 83 |
| **Iomlán** | **23,508** | **9,789** |
| **Easnamh don bhliain** | (4,499) | (391) |
| **Easnamh ag tús na bliana** | (9,079) | (8,688) |
| **Easnamh ag deiridh na bliana** | **(13,578)** | **(9,079)** |

**NÓTA 21**

**CREIDIÚNAITHE AGUS CAITEACHAS FABHRAITHE**

| | **2004 €'000** | **2003 €'000** |
|---|---|---|
| Cláir Thaighde ar Chonradh agus Cláir Féin-mhaoinithe Eile | 9,582 | 7,620 |
| Deontais Stáit do Chaiteachas Atarlaithe a fuarthas roimh ré. | 9,126 | 5,645 |
| Táillí Acadúla a fuarthas roimh ré | 7,047 | 6,233 |
| Oibleagáidí Léasa | 148 | 80 |
| Creidiúnaithe agus Fabhraithe eile | 9,416 | 8,731 |
| **Iomlán** | **35,319** | **28,309** |

Tá €1.232m (2002: €1.425m) san áireamh i gCreidiúnaithe amhail an 30 Meán Fómhair 2003 i ndáil le tiomantais fhabhraithe do chaiteachas neamhphá i Ranna Acadúla agus i Seirbhísí Leabharlann.

**NÓTA 22**

| **Cúlchiste Ginearálta** | **2003 Iarmhéid Tosaigh €'000** | **Gluaiseacht Bliain Reatha €'000** | **2004 Iarmhéid Deiridh €'000** |
|---|---|---|---|
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 157,328 | - | 157,328 |
| Trealamh Taighde | 7,155 | 738 | 7,893 |
| Deontais Chaipitil Stáit | 57,824 | 5,589 | 63,413 |
| Aistriú Maoiniú Atarlaithe | 26,248 | 2,133 | 28,381 |
| Deonacháin Chaipitil | 44,857 | 6,928 | 51,785 |
| Eile | (16,088) | (1,241) | (17,329) |
| | **277,324** | **14,147** | **291,471** |
| Amúchadh | | | |
| Luacháil - Sócmhainní Dochta | 5,221 | - | 5,221 |
| Trealamh Taighde | (2,881) | - | (2,881) |
| Amúchadh ag teacht le Dímheas Sócmhainní | (63,239) | (7,755) | |
| Lúide Amúchadh Carntha ar Dhiúscairtí | (63,238) | (7,756) | (70,994) |
| **Iomlán** | **234,460** | **11,364** | **245,824** |

**NÓTA 23**

**CÚLCHISTÍ SRIANTA**

| | **2004 €'000** | **2003 €'000** |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 23,865 | 22,102 |
| Ús ó Tobhaigh Mac Léinn agus Ioncam Eile (Glan) | (1,089) | 1,763 |
| **Iarmhéid amhail deiridh na bliana** | **22,776** | **23,865** |

Áirítear leis na cistí sin airgead a leithroinn an Ollscoil chun raon forbairtí caipitil a mhaoiniú lena n-áirítear Foirgneamh Il-chríocha Spóirt agus Ionad Mac Léinn

**NÓTA 24**

**CÚLCHISTE IONCAIM**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 597 | 502 |
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | (5) | 95 |
| **Iarmhéid amhail dheiridh na bliana** | **592** | **597** |

**NÓTA 25**

**GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| (Easnamh)/Barrachas don bhliain | (5) | 95 |
| Lúide Ús Infhaighte (Glan) | (685) | (792) |
| Dímheas ar Shócmhainní Dochta | 7,756 | 7,452 |
| Amúchadh Cúlchistí Ginearálta | (7,756) | (7,452) |
| Barrachas/(Easnamh) i Seirbhísí Coimhdeacha | 251 | (51) |
| Méadú ar Infheistíochtaí | (601) | (524) |
| Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí | (2,111) | 318 |
| Laghdú/(Méadú) ar Stoc | 15 | (15) |
| Méadú ar Chreidiúnaithe agus ar Fhabhruithe | 7,010 | 908 |
| Méadú ar Dhliteanais Fad-Téarmacha | 202 | 21 |
| (Méadú)/Laghdú ar Chúlchistí Srianta | (1,089) | 1,763 |
| **GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHÍOCHTAÍ OIBRÍOCHTA** | **2,987** | **1,723** |

**NÓTA 26**

**ANAILÍS AR ATHRUITHE I NGLAN-CHISTÍ**

| | 30 Meán Fómhair 2003 €'000 | Sreabhadh Airgid €'000 | an 30 Meán Fómhair 2004 €'000 |
|---|---|---|---|
| Airgead Tirim | 17,368 | (1,092) | 16,276 |
| Léasanna Airgeadais | 145 | 270 | 415 |
| **Iomlán** | **17,513** | **(822)** | **16,691** |

**NÓTA 27**

**LÉASANNA AIRGEADAIS**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Nóta 21)** | 148 | 80 |
| **Méideanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin** | 267 | 65 |
| **Iomlán** | **415** | **145** |

**NÓTA 28**

**ANAILÍS AR NA HATHRUITHE IN AIRGEAD TIRIM AGUS AR CHÓIBHÉISEACHA AIRGID TIRIM**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag tús na bliana | 17,368 | 15,309 |
| Glan-Insreabhadh Airgid | (1,092) | 2,059 |
| **Iarmhéid ag deiridh na bliana** | **16,276** | **17,368** |

**NÓTA 29**

**PINSEAN**

Muirearítear pá agus tuarastail glan ó ranníoca pinsin fostaithe (ba iad na ranníoca iomlán mar sin sa tréimhse ná €2.232m (2003: €2.110m) agus íoctar sochair ó ioncam reatha de réir mar a thagann siad aníos. Bhí luach €2.562m (2003: €2.748m) i bpinsin a íocadh sa bhliain a áireamh i gcaiteachas ilghnéitheach.

**NÓTA 30**

**TIOMANTAIS CHAIPITIL**

| | 2004 €'000 | 2003 €'000 |
|---|---|---|
| Ar Chonradh amhail an 30 Meán Fómhair | 28,918 | 39,432 |
| Údaraithe ach gan conradh amhail an 30 Meán Fómhair | - | - |

Tá tiomantais ag an Ollscoil ag teacht as foirgnimh áirithe atá maoinithe ag airgeadú cáin-bhunaithe le luach €7.26m laistigh den tréimhse 8-10 mbliana.

**NÓTA 31**

**DLITEANAS TEAGMHASACH**

Ní raibh aon dhliteanais theagmhasacha ann amhail an dáta ar an gclár comhardaithe.

**NÓTA 32**

**PÁIRTITHE GAOLMHARA**

Oibríonn Plassey Campus Centre Ltd., cuideachta gaolmhar teoranta le ráthaíocht, mar chuideachta shealbhaíochta agus riartar raon saoráidí ar campus.

Is fochuideachta ar lán-úinéireacht í Plassey Campus Developments Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd. Is í an phríomhghníomhaíocht a bhíonn aige ná ag fáil conarthaí agus ag forbairt maoine ag an bPáirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Is fochuideachtaí lán-úinéireachta iad Plassey Trust Company Ltd., agus Kilmurray Village Ltd., de Plassey Campus Centre Ltd., agus is cuideachtaí iad atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as riaradh a dhéanamh ar chóiríocht i sráidbhaile na mac léinn.

Is cuideachta gaolmhar é Foundation Ollscoil Luimnigh atá teroanta ag ráthaíocht. Is iad na cuspóirí atá ag an Foundation ná, taighde agus oideachas a chur ar aghaidh go ginearálta, go háirithe taighde agus oideachas a dhéanann Ollscoil Luimnigh agus comhlachtaí oideachais, taighde agus forbartha eile, a bhfuil baint acu le hOllscoil Luimnigh agus iad sa tóir ar oideachas, teagasc agus taighde.

Is fochuideachta lán-úinéireachta í Plassey Campus Arena Ltd. de chuid Plassey Campus Centre Ltd., atá teoranta ag ráthaíocht agus atá freagrach as oibríocht agus bainistiú Airéine na hOllscoile.

**NÓTA 33**

**IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA**

Ba é Plassey Campus Developments Ltd. an príomhchonraitheoir a raibh baint acu le conarthaí forbartha maoine leanúnacha le €17,268,248 in iomlán sa bhliain (2003: €6,818,318) thar ceann Ollscoil Luimnigh. Tá ionadaithe ón Ollscoil mar chomhaltaí de Plassey Campus Centre Ltd. Amhail an dáta ar an gclár comhardaithe bhí €1,706,667 (2003: €1,145,848) gan íoc i ndáil le hobair chonartha mar sin.

**NÓTA 34**

**CEADÚ RÁITIS AIRGEADAIS**

Ceadaíodh na ráitis airgeadais amhail an 21 Feabhra 2005

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ BAINISTÍOCHTA

Do Bhaill Choiste Feidhmiúcháin Ollscoil Luimnigh.

Tá iniúchadh déanta againn ar na Ráitis Airgeadais ar leathanaigh 4 go dtí 20.

**Freagrachtaí na hOllscoile agus na nIniúchóirí faoi seach**

Tá an Ollscoil, mar atá rianaithe ar leathanach 3, freagrach as ullmhú na Ráiteas Airgeadais a ullmhaíodh ag teacht le Comhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna. Is é is freagracht dúinn ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin ag teacht leis na caighdeáin iniúchóireachta atá eisithe ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta le feidhmiú in Éirinn..

D'ullmhaíodh an tuarascáil seo, an tuairim san áireamh, do bhaill an Choiste Feidhmiúcháin agus dóibh sin amháin mar chomhlacht ag teacht lenár gceapachán . Agus an tuairim seo á tabhairt againn, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid orainn aon fhreagracht chun críche ar bith eile ná do dhuine ar bith eile dá dtaispeáintear an tuarascáil seo dó nó dá dtiocfadh sí ar lámh dó, ach má aontaímid leis sin d'aon ghnó trí réamhchead a thabhairt i scríbhinn.

Tuairiscímid duit ár dtuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais a bheith ullmhaithe go cuí ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais Airgeadais na nOllscoileanna mar a ghlac na hOllscoileanna Éireannacha ar fad leis. Cuirimid in iúl cibé acu a fuaireamar nó nach bhfuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo chun críche an iniúchta agus cibé an bhfuil nó nach bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais. Tuairiscímid duit chomh maith ár dtuairim maidir leis na leabhair cuntais chearta a bheith coimeádta ag an Ollscoil.

**Bonn na Tuairime**

Dheineamar ár n-iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2004 ag teacht leis na Caighdeáin Iniúchta atá eisithe ag an mBord um Cheachtais Iniúchóireachta. Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus na nochtuithe sna Ráitis Airgeadais. Cuimsíonn sé chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúntais suntasacha a dhein an Ollscoil agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, agus ar an raibh na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do dhálaí na hOllscoile, ar cuireadh i bhfeidhm go rianúil iad agus an ndearnadh leornochtadh orthu.

Dheineamar ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú d'fhonn an t-eolas agus na míniúcháin ar fad a mheasamar gá a bheith leo a fháil d'fhonn soláthar a dhéanamh dúinn ar fhianaise le cinnteacht réasúnta go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó ráiteas neamhchruinn, cibé acu le calaois, nó ainrialtacht eile nó dearmad é. Ag teacht ar ár dtuairim dúinn, dheineamar measúnú chomh maith ar leorfhiúntas an léiriúcháin ar eolas sna Ráitis Airgeadais.

**Tuairim**

In ár dtuairimne d'ullmhaíodh Ráitis Airgeadais na hOllscoile don bhliain dár críoch 30 Meán Fómhair 2004 ag teacht leis an gComhaontú um Chomhchuibhiú ar Chuntais.

Fuaireamar an t-eolas agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. In ár dtuairimne choimeád an Ollscoil leabhair oiriúnacha cuntais. Tá na Ráitis Airgeadais ag teacht leis na leabhair cuntais.

**PricewaterhouseCoopers**
**Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe**
**Luimnigh**

**21 Feabhra 2005**

## ACHOIMRE CÚIG BLIANA - CAITEACHAS

| | 1999/00 €'000 | % | 2000/01 €'000 | % | 2001/02 €'000 | % | 2002/03 €'000 | % | 2003/04 €'000 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coláistí agus Ranna | 28,175 | 43 | 32,332 | 45 | 37,065 | 44 | 41,583 | 44 | 43,267 | 42 |
| Cláir Thaighde ar Chonradh | 8,176 | 12 | 8,082 | 11 | 11,384 | 13 | 13,681 | 14 | 17,907 | 17 |
| Cláir Féin-Mhaoinithe Eile | 5,393 | 8 | 5,183 | 7 | 7,763 | 9 | 7,341 | 8 | 8,383 | 8 |
| Seirbhísí Acadúla agus Eile | 6,726 | 10 | 7,284 | 10 | 7,971 | 10 | 8,225 | 9 | 8,787 | 9 |
| Áitreabh | 6,998 | 11 | 7,452 | 10 | 8,193 | 10 | 9,164 | 10 | 9,243 | 9 |
| Lár-Riarachán agus Seirbhísí | 4,055 | 6 | 5,255 | 8 | 6,015 | 7 | 6,394 | 7 | 6,697 | 7 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 736 | 1 | 990 | 1 | 1,037 | 1 | 1,315 | 1 | 1,561 | 2 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 1,812 | 3 | 1,901 | 3 | 2,084 | 2 | 2,066 | 2 | 2,287 | 2 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 1,328 | 2 | 1,234 | 2 | 1,861 | 2 | 2,749 | 3 | 2,562 | 2 |
| An méid a leithroinneadh do Chríocha Caipitil | 2,343 | 4 | 2,428 | 3 | 1,839 | 2 | 1,831 | 2 | 2,133 | 2 |
| Iomlán | 65,742 | 100 | 72,141 | 100 | 85,211 | 100 | 94,349 | 100 | 102,827 | 100 |

Ní chuimsíonn an achoimre 5 bliana caiteachas a dhein Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál ná cuid na hOllscoile do dhíluachái bhliantúil.